Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0213

Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus an Oifig Eorpach Frith Chalaoise (OLAF): rochtain ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2026 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais (COM(2025)0685 – C10-0298/2025 – 2025/0348(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2025)0685),

– ag féachaint d’Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0298/2025),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Rialú Buiséadach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0159/2026),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa

arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) De bhun Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, tuairisceoidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus údaráis na mBallstát atá inniúil faoin dlí náisiúnta is infheidhme do OIPE, gan moill mhíchuí, aon iompar coiriúil, lena n-áirítear calaois CBL trasteorann, a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 25(2) agus (3) den Rialachán sin. De réir mar a thuigfí é, tá baint ag roinnt Ballstát le calaois CBL trasteorann agus níl an sreabhadh faisnéise ó Bhallstáit aonair chuig OIPE oiriúnach don chuspóir calaois CBL a chomhrac ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, chun OIPE a chur ar an eolas faoi rioscaí calaoise CBL ar leibhéal an Aontais agus chun a shainordú rialála a chomhlíonadh, is gá na módúlachtaí a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe faoinar cheart do na Ballstáit, laistigh de líonra Eurofisc dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, aon tásc amhrasach agus faisnéis bheacht atá ar fáil ***maidir le calaois CBL*** a thuairisciú do OIPE. Thairis sin, de bhun Airteagal 24(9) de Rialachán (AE) 2017/1939, i gcásanna sonracha, féadfaidh OIPE tuilleadh faisnéise ábhartha a iarraidh a bheidh ar fáil d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an	(2) De bhun Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, tuairisceoidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus údaráis na mBallstát atá inniúil faoin dlí náisiúnta is infheidhme do OIPE, gan moill mhíchuí, aon iompar coiriúil, lena n-áirítear calaois CBL trasteorann, a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 25(2) agus (3) den Rialachán sin, agus tuairisceoidh siad ***an méid sin go tráthúil chun go bhféadfar anailís nó imscrúdú a dhéanamh ar an iompar coiriúil sin***. De réir mar a thuigfí é, tá baint ag roinnt Ballstát le calaois CBL trasteorann agus níl an sreabhadh faisnéise ó Bhallstáit aonair chuig OIPE oiriúnach don chuspóir calaois CBL a chomhrac ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, chun OIPE a chur ar an eolas faoi rioscaí calaoise CBL ar leibhéal an Aontais agus chun a shainordú rialála a chomhlíonadh, is gá na módúlachtaí a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe faoinar cheart do na Ballstáit, laistigh de líonra Eurofisc dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, ***torthaí phróiseáil Eurofisc agus anailís ar chásanna calaoise trasteorann amhrasta agus*** aon tásc amhrasach a thuairisciú do OIPE agus, ar deireadh, ***an*** fhaisnéis bheacht

Aontais agus d’údaráis na mBallstát. Dá bhrí sin, is iomchuí na rialacha a leagan amach faoinar cheart do na Ballstáit laistigh de Eurofisc faisnéis maidir le calaois CBL trasteorann a chur in iúl do OIPE tar éis iarraidh a fháil ó OIPE.	***atá de dhíth ar OIPE chun measúnú a dhéanamh ar cheart dó a inniúlacht a fheidhmiú***. Thairis sin, de bhun Airteagal 24(9) de Rialachán (AE) 2017/1939, i gcásanna sonracha, féadfaidh OIPE tuilleadh faisnéise ábhartha a iarraidh a bheidh ar fáil d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus d’údaráis na mBallstát. Dá bhrí sin, is iomchuí na rialacha a leagan amach faoinar cheart do na Ballstáit laistigh de Eurofisc faisnéis maidir le calaois CBL trasteorann a chur in iúl do OIPE tar éis iarraidh a fháil ó OIPE.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá sé d’oibleagáid ar na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE, faoi phrionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tacú le gníomhaíochtaí OIPE agus staonadh ó aon ghníomhaíocht a d’fhéadfadh baint amach a chuspóirí a chur i mbaol. Tá Eurofisc comhdhéanta de na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus nach bhfuil rannpháirteach ann. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach bunús dlí soiléir a bheith ann maidir le rochtain OIPE ar fhaisnéis a phróiseálann Eurofisc.	(4) Tá sé d’oibleagáid ar na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE, faoi phrionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tacú le gníomhaíochtaí OIPE agus staonadh ó aon ghníomhaíocht a d’fhéadfadh baint amach a chuspóirí a chur i mbaol. Tá Eurofisc comhdhéanta de na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus nach bhfuil rannpháirteach ann. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach bunús dlí soiléir a bheith ann maidir le rochtain OIPE ar fhaisnéis arna próiseáil ag Eurofisc, ***chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil, chun a shainordú a chomhlíonadh go rathúil mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939***

	ón gComhairle, eadhon cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
Leasú 3	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 4 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Tá laigí maidir le hinrochtaineacht agus idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise a bhaineann le CBL ar fud na mBallstát agus chomhlachtaí an Aontais sainaitheanta arís agus arís eile ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa mar bhac suntasach ar imscrúduithe éifeachtacha ar chalaois CBL trasteorann, rud a shainaithin sí arís le déanaí ina Tuarascáil Speisialta 8/2025 maidir le calaois CBL ar allmhairí. Sainaithníodh sa tuarascáil sin, ina theannta sin, éagothromaíochtaí suntasacha i leibhéil na smachtbhannaí riaracháin a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm i ndáil le calaois CBL ar allmhairí, rud a fhágann go bhfuil coinníollacha ann a chuireann ar chumas oibreoirí leas a bhaint as an dlínse leis na pionóis is ísle. Leis an rochtain ar shonraí CBL a dheonaítear leis an Rialachán seo do OIPE agus do OLAF, feabhsaítear an acmhainneacht bhraite agus ionchúisimh ach ní leigheas díspreagthach é ar éagsúlacht na bpionós. Sa chomhthéacs

	sin, agus i gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an ollstruchtúr frithchalaoise mar chuid de na bearta a áirítear in CAI tar éis 2027, féadfar breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí sin, amhail togra reachtach bunaithe ar an mbunús dlí iomchuí, arb é is aidhm dó íosleibhéal comhchuibhithe nó comhsheasmhachta a bhaint amach maidir leis na pionóis riaracháin is infheidhme maidir leis na sáruithe CBL agus custaim is tromchúisí, agus an gá atá le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach á chur san áireamh. Ba cheart measúnú tionchair cuimsitheach a bheith ag gabháil le haon togra den sórt sin agus ba cheart a léiriú leis go gcomhlíontar prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE.
Leasú 4	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 4 b (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4b) Sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún i mí Iúil 2025 maidir leis an athbhreithniú ar ailtireacht frithchalaoise an Aontais, sainaithníodh ilroinnt na sreafaí faisnéise idir Eurofisc, OIPE, OLAF, Europol agus Eurojust mar laige

struchtúrach sistéamach lena mbaintear an bonn d'éifeachtacht fhreagairt an Aontais ar chalaois CBL trasteorann. Is é atá sa Rialachán seo cur chun feidhme reachtach an cholúin comhroinnte sonraí d'ollstruchtúr frithchalaoise athbhreithnithe agus tá sé le léamh i gcomhar leis na bearta breise a fógraíodh sa Pháipéar Bán sin, lena n-áirítear acmhainneacht oibríochtúil Eurofisc a neartú, comhchuibhiú na gcoinníollacha agus na rialacha dliteanais d'ionadaithe fioscacha arna gceapadh ag daoine inchánacha ó thíortha lasmuigh den Aontas faoi IIFA agus scéimeanna CBL allmhairiúcháin eile, agus leathnú chreat rialachais sonraí CESOP chun comhleanúnachas a áirithiú leis an rochtain ar shonraí custaim a bhunaítear leis an Rialachán seo.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4c) An fhaisnéis a stórálann údaráis chustaim i ndáil le nósanna imeachta allmhairiúcháin faoina gcuirtear oibleagáidí CBL siar nó faoina bhfuil díolúine CBL ann, is faisnéis í a bhaineann go dlúth le CBL chun críocha Airteagal 113 CFAE. Is gá raon feidhme Airteagal 17(1),

pointe (f) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a leathnú chun gach nós imeachta allmhairiúcháin lena mbaineann díolúintí nó iarchur CBL a chumhdach, lena n-áirítear faoi scéim an Ionaid Ilfhreastail Allmhairiúcháin a bunaíodh le Treoir 2006/112/CE, agus an luach custaim dearbhaithe agus an tír thionscnaimh a chur leis mar eilimintí sonraí éigeantacha, chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla, lena n-áirítear OIPE agus OLAF, dearbhuithe allmhairiúcháin a chrostagairt le dearbhuithe CBL agus neamhréireachtaí lena léirítear calaois a bhrath. Ba cheart síneadh den sórt sin a bheith gan dochar do na rialacha substainteacha custaim lena rialaítear na nósanna imeachta allmhairiúcháin sin, atá fós faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4d) Chun a áirithiú go leathnóidh an acmhainneacht forfheidhmiúcháin a chruthaítear leis an Rialachán seo go héifeachtach chuig na Ballstáit uile, chun neamhshiméadrachtaí leanúnacha laistigh den mhargadh aonair agus i dtimpeallacht frithchalaoise

	an Aontais a sheachaint, agus mar chuid de ghealltanas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an ollstruchtúr frithchalaoise, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE údarás inniúil náisiúnta a ainmniú a bheidh freagrach as feidhmeanna coibhéiseacha a chomhlíonadh chun críche comhair le Eurofisc agus OLAF maidir le calaois CBL trasteorann. Ba cheart do na Ballstáit sin fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an údarás ainmnithe laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an úsáid a baineadh as an bhfaisnéis a fuarthas, lena n-áirítear líon na n-imscrúduithe a osclaíodh agus torthaí na n-imscrúduithe sin.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa don Choimisiún agus do na Ballstáit deireadh a chur le bacainní dlí lena gcuirtear cosc ar mhalartú faisnéise idir údaráis riaracháin, bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus go háirithe go mbeadh rochtain ag OLAF ar chóras malartaithe faisnéise CBL (VIES) agus ar shonraí Eurofisc[6].	(5) Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa don Choimisiún agus do na Ballstáit deireadh a chur le bacainní dlí lena gcuirtear cosc ar mhalartú faisnéise idir údaráis riaracháin, bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus go háirithe go mbeadh rochtain ag OLAF ar chóras malartaithe faisnéise CBL (VIES) agus ar shonraí Eurofisc[6].

I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go leagfar rochtain lárnach ar chórais TF an Aontais amach i mbunús dlí soiléir.

Ina leith sin, tá sé tábhachtach go ndéanfar rochtain lárnach ar chórais TF an Aontais, ***lena n-urramófar prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta***, a leagan amach i mbunús dlí soiléir ***chun é a chur ar a chumas do OLAF a shainordú a chomhlíonadh go rathúil mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013***.

_____

[6] Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, 'Tackling intra-Community VAT fraud: More action needed [Calaois CBL laistigh den Chomhphobal a chomhrac: Teastaíonn tuilleadh gnímh] (https://www.eca.europa.eu/en/publications/SR15_24).

_____

[6] Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, 'Tackling intra-Community VAT fraud: More action needed [Calaois CBL laistigh den Chomhphobal a chomhrac: Teastaíonn tuilleadh gnímh] (https://www.eca.europa.eu/en/publications/SR15_24).

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) I measc na mbacainní leanúnacha ar chomhar éifeachtach idir comhlachtaí an Aontais, tá neamh-chomhoiriúnachtaí idir córais TF, ilroinnt bealaí cumarsáide agus idir-inoibritheacht theoranta córas bainistithe cásanna, rud a fhágann neamhéifeachtúlachtaí, moilleanna agus ualaí riaracháin méadaithe. Is gá, dá bhrí sin, idir-inoibritheacht a fheabhsú agus bonneagair dhigiteacha choiteanna a fhorbairt chun malartú

	faisnéise slán rianúil a áirithiú.
Leasú 9	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 8 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Cé go gceanglaítear cheana féin le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ar údaráis inniúla CBL na mBallstát faisnéis a mhalartú go spontáineach ar dócha go mbeadh sí úsáideach chun calaois CBL a chomhrac, tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le húdaráis CBL agus ní chumhdaítear léi údaráis chustaim inniúla na mBallstát, nach údaráis inniúla CBL iad de réir bhrí an Rialacháin sin. Thairis sin, ní dhéantar foráil leis an sásra atá ann cheana a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ná le líonra Eurofisc maidir le faisnéis chalaoise a dhíorthaítear ó chustaim a chur in iúl go díreach go spontáineach do OIPE agus do OLAF. Is saintréith de scéimeanna calaoise CBL atá nasctha le nósanna imeachta allmhairiúcháin iad neamhréireachtaí córasacha idir an fhaisnéis a dhearbhaítear d'údaráis chustaim ag an bpointe allmhairiúcháin agus na dearbhuithe CBL a chomhdaítear ina dhiaidh sin sa Bhallstát cinn scríbe. Is

minic gurb iad na húdaráis chustaim is túisce a bhraitheann aimhrialtachtaí den sórt sin trína n-anailís ar bhainistiú riosca. Chun an bhearna sin a dhúnadh agus chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis chustaim réamhtheachtach arna sainaithint ag údaráis chustaim a tharchur gan mhoill chuig na comhlachtaí atá freagrach as calaois CBL trasteorann a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus ós rud é go mbraitheann feidhmiú éifeachtach na gceart rochtana dá bhforáiltear in Airteagail 49a agus 49b de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ar OIPE agus OLAF a bheith ar an eolas faoi chásanna calaoise a d'fhéadfadh a bheith ann, is gá a cheangal ar údaráis chustaim inniúla an fhaisnéis sin a tharchur go spontáineach. Ba cheart tarchur den sórt sin a dhéanamh chuig Eurofisc, OIPE agus OLAF aon uair a léiríonn na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (f), patrúin atá comhsheasmhach le calaois CBL. Tá an beart sin ríthábhachtach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach agus tá sé comhsheasmhach le gealltanas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an ollstruchtúr frithchalaoise foriomlán mar chomhpháirt bhunriachtanach de phacáiste CAI tar éis 2027. Sna rúin uaithi maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, d'iarr Parlaimint na

	hEorpa arís agus arís eile go neartófaí an comhordú ar an leibhéal náisiúnta idir údaráis chustaim agus údaráis CBL, go háirithe trí straitéisí náisiúnta frithchalaoise. Oibríonn an sásra tarchuir spontáineach sin go heisiach laistigh de chreat comhair riaracháin CBL Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 agus tá sé gan dochar do na nósanna imeachta custaim substainteacha a bhunaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus do na rialacha gaolmhara maidir le rialachas sonraí.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8b) Braitheann éifeachtacht an tsásra tarchuir spontáinigh dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar chomhordú leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta idir na húdaráis chustaim inniúla agus údaráis inniúla CBL na mBallstát. Is eintitis riaracháin ar leithligh iad na comhlachtaí sin i roinnt mhaith Ballstát a bhfuil slabhraí maoirseachta agus córais faisnéise ar leith acu. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbunóidh a n-údaráis inniúla chustaim agus CBL sásraí comhordúcháin rialta, lena n-áirítear trí chreat Eurofisc, chun sainaithint neamhréireachtaí lena léirítear calaois CBL agus

tarchur tráthúil sonraí custaim ábhartha chuig Eurofisc, OIPE agus OLAF a éascú. Is beart nós imeachta agus eagraíochtúil é an comhordú sin agus níl oibleagáidí breise teicneolaíochta faisnéise ar údaráis náisiúnta i gceist leis.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Chun an rochtain ar shonraí pearsanta a chosaint, níor cheart ach do na hIonchúisitheoirí Eorpacha, do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha, chomh maith le baill foirne roghnaithe OIPE agus OLAF, a d'údaraigh OIPE agus OLAF faoi seach roimhe sin, rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL chun a gcúraimí a chur i gcrích, faoi fhormhaoirseacht oifigigh Idirchaidrimh Eurofisc. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú don rochtain sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith na sonraí teicniúla agus na socruithe praiticiúla, lena n-áirítear maidir le sásra rialaithe rochtana agus próifíl agus aitheantas úsáideoirí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].	(9) Chun an rochtain ar shonraí pearsanta a chosaint, níor cheart ach do na hIonchúisitheoirí Eorpacha, do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha, chomh maith le baill foirne roghnaithe OIPE agus OLAF, a d'údaraigh OIPE agus OLAF faoi seach roimhe sin, rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL chun a gcúraimí a chur i gcrích, faoi fhormhaoirseacht oifigigh Idirchaidrimh Eurofisc. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú don rochtain sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith na sonraí teicniúla agus na socruithe praiticiúla, lena n-áirítear maidir le sásra rialaithe rochtana agus próifíl agus aitheantas úsáideoirí, ***rud lena n-áiritheofar dearadh lena n-urramófar ardleibhéil cosanta sonraí agus lena bhfeabhsófar éifeachtúlacht oibríochtúil trí phróisis uathoibrithe gan moill mhíchuí riaracháin***. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE)

	Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. ***Ba cheart an beart sin a thuiscint mar chéim láithreach, agus tabharfaidh an t-athbhreithniú atá le teacht ar an ollstruchtúr frithchalaoise deis chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú***.
_____	_____
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj	Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj
Leasú 12	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 10**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Leis an Rialachán seo, urramaítear ***na*** cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint.	(10) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint.
Leasú 13	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 10 a (nua)**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a)Ba cheart rochtain OIPE agus OLAF ar VIES, ar an gCóras Faireachais agus ar CESOP agus ar aon chóras agus bunachar sonraí eile a bheith bainteach leis na príomhchatagóirí sonraí seo a leanas: faisnéis maidir le huimhreacha aitheantais CBL agus idirbhearta CBL laistigh den Chomhphobal, faisnéis ábhartha maidir le hallmhairí atá díolmhaithe ó CBL a bhaineann leis an Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin (IIFA) agus allmhairí nós imeachta custaim 42/63 agus faisnéis faoi íocaíocht chomhiomlánaithe. Níor cheart an rochtain sin a dheonú do OIPE ná do OLAF ach amháin chun críche a ndualgas faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939 agus faoi Airteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a chomhlíonadh. Ba cheart cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na catagóirí beachta sonraí atá ar fáil do OIPE agus do OLAF chun a ndualgais faoi na hairteagail sin a fheidhmiú. Ba cheart dréachtleaganacha na ngníomhartha cur chun feidhme sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa le haghaidh faisnéise, chun gur féidir a gcearta a chur i bhfeidhm.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ós rud é gur gá na córais, an bonneagar agus na modhanna teicniúla lena n-éascaítear malartú faisnéise CBL ar leibhéal an Aontais a oiriúnú chun rochtain shlán a thabhairt do OIPE agus do OLAF, is gá cur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha a chur siar chun go mbeidh na Ballstáit, an Coimisiún, OIPE agus OLAF in ann na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh. Ba cheart leis sin breithniú a dhéanamh ar na dátaí ar a mbeidh VIES lárnach i bhfeidhm agus a gcuirfear deireadh de réir a chéile le VIES oidhreachta. Ba cheart do OIPE agus OLAF ***a bheith freagrach as na costais a bhaineann leis an mbonneagar ábhartha agus na modhanna teicniúla ábhartha a bhunú agus a chothabháil chun rochtain shlán a fháil ar fhaisnéis CBL***.	(11) Ós rud é gur gá na córais, an bonneagar agus na modhanna teicniúla lena n-éascaítear malartú faisnéise CBL ar leibhéal an Aontais a oiriúnú chun rochtain shlán a thabhairt do OIPE agus do OLAF, is gá cur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha a chur siar chun go mbeidh na Ballstáit, an Coimisiún, OIPE agus OLAF in ann na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh. Ba cheart leis sin breithniú a dhéanamh ar na dátaí ar a mbeidh VIES lárnach i bhfeidhm agus a gcuirfear deireadh de réir a chéile le VIES oidhreachta. ***Chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú***, ba cheart ***rochtain*** a bheith ag OIPE agus OLAF, ***i gcomhréir le prionsabail na neodrachta buiséadaí, ar acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha agus cobhsaí, lena n-áirítear saineolas speisialaithe ar imscrúduithe airgeadais, fóiréinsic dhigiteach agus anailís sonraí agus lena n-áirítear freisin, i gcás inarb iomchuí, tairseach nó comhéadan ar leithligh, chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal an íoslaghdaithe sonraí. Le cistiú ón Aontas, ba cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chórais idir-inoibritheacha TF agus d'uirlisí cumarsáide slána chun comhar éifeachtúil a chumasú. Ba cheart bearta***

	eagraíochtúla, próisis údaraithe inmheánaigh, sásraí formhaoirseachta agus coimircí a bheith i bhfeidhm chun mí-úsáid a chosc.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim an ***[…]***.	(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an ***7 Eanáir 2026***.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:
	‘Airteagal 2a
	Togra leantach maidir le comhchuibhiú íosta pionós
	Faoin … [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] agus i gcomhréir le cuspóirí an athbhreithnithe ar an ollstruchtúr frithchalaoise mar thacar comhlántach beart a áirítear i bpacáiste CAI tar éis 2027 agus chun cosaint

leasanna airgeadais an Aontais a fheabhsú, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le comhchuibhiú íosta na bpionós riaracháin is infheidhme maidir leis na sáruithe is tromchúisí i réimse CBL agus na ndleachtanna custaim gaolmhara, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh agus mí-úsáid nósanna imeachta allmhairiúcháin simplithe faoi Nós Imeachta Custaim 42 agus faoin Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin. Beidh an togra gan dochar do na nósanna imeachta custaim substainteacha a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.'

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 13a
	Tarchur spontáineach sonraí custaim lena léirítear calaois CBL
	1. Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát in iúl go spontáineach do chomhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc dá dtagraítear in Airteagal 36(1), agus,

laistigh dá sainorduithe faoi seach, do OIPE agus do OLAF, aon fhaisnéis a stóráiltear de bhun Airteagal 17(1), pointe (f), lena léirítear patrúin atá comhsheasmhach le calaois CBL, go háirithe:

(a) neamhréireachtaí córasacha idir an Ballstát cinn scríbe dearbhaithe i ndearbhú allmhairiúcháin agus an Ballstát inar dearbhaíodh nó inar íocadh CBL ina dhiaidh sin;

(b) neamhréireachtaí córasacha idir an coinsíní a shainaithnítear i ndearbhú allmhairiúcháin faoin scéim IIFA agus an duine inchánach a dhearbhaigh an CBL comhfhreagrach sa Bhallstát cinn scríbe;

(c) luachanna custaim dearbhaithe a imíonn go suntasach ón margadhluach i gcás ina bhfuil an éagsúlacht sin comhsheasmhach le tearcluacháil chun críocha CBL; agus

(d) aon táscaire eile a shonraítear i ngníomh cur chun feidhme an Choimisiúin mar tháscaire riosca calaoise CBL bunaithe ar chustam.

2. Déanfar an teachtaireacht dá dtagraítear i mír 1 gan mhoill agus áireofar inti ar a laghad na heilimintí sonraí a liostaítear in Airteagal 17(1), pointe (f), don allmhairiú nó don tsraith allmhairí lena mbaineann.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a n-údaráis chustaim inniúla agus a n-údaráis inniúla CBL comhordú maidir le sainaithint

	neamhréireachtaí dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear trí chreat Eurofisc.
	4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na formáidí teicniúla agus na nósanna imeachta teicniúla le haghaidh na cumarsáide dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2).
	5. I mBallstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE de bhun Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, díreofar na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mír 1 chuig comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc agus chuig OLAF laistigh dá sainordú, agus ní chuig OIPE.'

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 17 – mír 1 – pointe f

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1b) in Airteagal 17(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):
(f) faisnéis ***a bhailíonn sé de bhun phointe (a) agus phointe (b)*** d'Airteagal 143***(2)*** de Threoir 2006/112/CE, ***mar aon leis an tír thionscnaimh, an tír cinn scríbe, cód an tráchtearra, an t-airgeadra, an tsuim iomlán, an ráta malairte, an praghas itime agus an glanmheáchan***;	***'(f) an*** fhaisnéis ***arna comhthiomsú ag údaráis chustaim na mBallstát a bhaineann le gach allmhairiú earraí a n-éilítear díolúine ó CBL, scéim iarchurtha nó scéim chuntasaíochta speisialta ina leith tráth an allmhairithe, lena n-áirítear faoi*** Airteagal 143***(1), pointe***

(d), de Threoir 2006/112/CE (***Nós Imeachta Custaim 42/63), faoin scéim Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin a bunaíodh le hAirteagail 369l go 369x den Treoir sin, agus aon nós imeachta allmhairiúcháin eile faoina gcuirtear siar an oibleagáid cuntas a thabhairt ar CBL chuig an mBallstát cinn scríbe, teoranta do na heilimintí sonraí seo a leanas:***

(i) aitheantóir an dearbhaithe allmhairiúcháin;

(ii) uimhir aitheantais CBL an allmhaireora nó, i gcás inarb infheidhme, an uimhir aitheantais IIFA a dearbhaíodh do lucht custaim;

(iii) uimhir aitheantais CBL an chustaiméara sa Bhallstát cinn scríbe, i gcás ina mbeidh sí ar fáil;

(iv) luach custaim dearbhaithe na n-earraí;

(v) tír thionscnaimh dhearbhaithe na n-earraí; agus

(vi) cód an nós imeachta custaim, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil na hearraí faoi réir nós imeachta allmhairiúcháin simplithe faoi Airteagal 166 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;'

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 24k – mír 1a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1a. Beidh rochtain ag OIPE	1a. Beidh rochtain ***ag*** OIPE

agus OLAF ar fhaisnéis VIES lárnach i gcomhréir leis na teorainneacha agus na rialacha a leagtar síos in Airteagal 49a agus 49b;	agus OLAF ***ar*** fhaisnéis VIES lárnach ***trí chomhéadan lárnach slán lena n-áiritheofar rúndacht agus*** i gcomhréir leis na teorainneacha agus na rialacha a leagtar síos in Airteagail 49a agus 49b;
Leasú 20	
Togra le haghaidh rialacháin **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4** Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 Airteagal 36 – mír 2a	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2a. Cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OIPE, i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle* a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus i gcomhréir leis an Airteagal seo a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit eile, aon léiriú gan moill mhíchuí ar chalaois amhrasta CBL trasteorann bunaithe ar fhaisnéis a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith.	2a. Cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OIPE, i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle* a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus i gcomhréir leis an Airteagal seo a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit eile, aon léiriú gan moill mhíchuí ar chalaois amhrasta CBL trasteorann bunaithe ar fhaisnéis a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith. ***Cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc an fhaisnéis is gá in iúl do OIPE chun measúnú a dhéanamh ar cheart a inniúlacht a fheidhmiú, ar choinníoll go bhfuil an chumarsáid sin riachtanach agus comhréireach, go bhfuil sí i gcomhréir le cuspóirí shainordú OIPE, agus go gcomhlíonann sí dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí go hiomlán.***

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 36 – mír 2c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2c. I gcomhréir le hAirteagal 8, (2) agus (3), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OLAF gan mhoill aon léiriú ar chalaois amhrasta CBL trasteorann bunaithe ar fhaisnéis ó na Ballstáit a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo chun cur ar chumas OLAF gníomhaíocht iomchuí a mheas i gcomhréir lena shainordú.	2c. I gcomhréir le hAirteagal 8, (2) agus (3), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OLAF gan mhoill aon léiriú ar chalaois amhrasta CBL trasteorann bunaithe ar fhaisnéis ó na Ballstáit a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo chun cur ar chumas OLAF gníomhaíocht iomchuí a mheas i gcomhréir lena shainordú, ***agus dúbláil gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha idir OLAF agus OIPE á seachaint ag an am céanna. Cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc an fhaisnéis is gá in iúl do OLAF chun a mheas an bhfeidhmeoidh siad a sainordú nó nach bhfeidhmeoidh.***

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 36 – mír 2d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2d. I gcomhréir le hAirteagal 8(2) agus (3) de	2d. I gcomhréir le hAirteagal 8(2) agus (3) de

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus arna iarraidh sin do OLAF, cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OLAF aon fhaisnéis ó na Ballstáit maidir le calaois CBL trasteorann a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo chun cur ar chumas OLAF gníomhaíocht iomchuí a mheas i gcomhréir lena shainordú.	Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus arna iarraidh sin do OLAF, cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OLAF aon fhaisnéis ***ábhartha*** ó na Ballstáit maidir le calaois CBL trasteorann a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo chun cur ar chumas OLAF gníomhaíocht iomchuí a mheas i gcomhréir lena shainordú.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Gan dochar d'Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2017/1939, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe do OIPE, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe, ar an bhfaisnéis seo a leanas:	1. Gan dochar d'Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2017/1939, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe do OIPE, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe ***laistigh de raon feidhme a shainordaithe***, ar an bhfaisnéis seo a leanas ***is gá***:

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (e) agus (f), den Rialachán seo;	(b) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (e) agus (f), den Rialachán seo, ***lena n-áirítear aon eilimintí sonraí breise arna stóráil de bhun***

Airteagal 17(1), pointe (f), den Rialachán seo;

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Ní dheonófar rochtain de bhun mhír 1 ach amháin faoi chuimsiú imscrúduithe gníomhacha ar chionta coiriúla amhrasta nó chun déantóirí cionta coiriúla den sórt sin a ionchúiseamh, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939, agus déanfar í a cheapadh agus a úsáid ar bhealach a chuirfidh cosc ar chuardaigh neamh-spriocdhírithe nó ar rochtain nach bhfuil nasctha le cás nithiúil. Chun prionsabail cosanta sonraí a choimirciú, toirmeascfar go sainráite le hollstruchtúr agus prótacail oibríochtúla an chórais mianadóireacht sonraí amhantracha, asbhaint bulcshonraí, cuardaigh ghinearálaithe nó próifíliú uathoibrithe d'aon chineál nach bhfuil nasctha le himscrúdú sonrach.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Beidh an rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun a áirithiú go mbeidh gach rochtain inchurtha i leith imscrúdú nó ionchúiseamh sonrach agus i leith úsáideoir údaraithe sainaitheanta. Déanfar an rochtain sin a logáil ar bhealach ina bhféadfar fíorú éifeachtach ex-post a dhéanamh.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Is éard a bheidh sa rochtain láraithe rochtain trí phointe iontrála aonair, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát.	3. Is éard a bheidh sa rochtain láraithe rochtain trí phointe iontrála aonair, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát. ***Áiritheofar leis an gcóras lena mbaineann inrianaitheacht iomlán agus logáil iomlán na gcuardach uile, agus tacófar leis le bealaí cumarsáide slána agus taifid chuimsitheacha lenar féidir sásraí fíorúcháin ex post éifeachtacha a dhéanamh***.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Foilseoidh OIPE, ar bhonn bliantúil, staidreamh maidir le húsáid na rochtana láraithe arna deonú de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear líon na bhfiosrúchán a rinneadh, líon na n-imscrúduithe inar rannchuidigh an rochtain sin leis an gcás a chur chun cinn, agus líon na gcásanna ina bhfuarthas amach go raibh sonraí a bhfuarthas rochtain orthu neamhábhartha agus gur scriosadh iad. Áireofar an staidreamh sin i dtuarascálacha bliantúla OIPE agus cuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa é. I gcomhréir leis na forálacha ábhartha lena rialaítear na himscrúduithe, déanfar na sonraí sin a fholú i gceart chun rúndacht na n-imscrúduithe a áirithiú agus chun a áirithiú go ndéanfar na himscrúduithe go cuí.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 4 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na mionsonraí teicniúla maidir le rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena n-áirítear liosta na gcatagóirí sonraí lenar féidir na cuardaigh spriocdhírithe	(a) na mionsonraí teicniúla maidir le rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena n-áirítear liosta na gcatagóirí sonraí lenar féidir na cuardaigh spriocdhírithe

a dhéanamh;	a dhéanamh, ***agus lena n-áirítear sásraí coisctheacha i gcoinne cuardaigh neamh-spriocdhírithe***;
Leasú 30 **Togra le haghaidh rialacháin** **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5** Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 Airteagal 49a – mír 5	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Is é OIPE a íocfaidh na costais as an mbonneagar agus na modhanna teicniúla a bhunú, a oibriú agus a chothabháil lena gceadaítear rochtain shlán ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin.	***scriosta***
Leasú 31 **Togra le haghaidh rialacháin** **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5** Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 Airteagal 49a – mír 5 a (nua)	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Beidh gach úsáideoir faoi cheangal ag na rialacha rúndachta a leagtar síos sa Rialachán seo. Déanfar na nósanna imeachta um malartú faisnéise agus rochtain ar shonraí a shaothrú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i ndáil le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5b. Déanfar na córais lena gcumasaítear an rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 a dhearadh chun idir-inoibritheacht iomlán a áirithiú leis na córais a úsáideann comhlachtaí ábhartha an Aontais, chun malartuithe faisnéise éifeachtúla agus slána a éascú agus chun ualaí riaracháin a laghdú.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 5 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5c. Déanfaidh an Coimisiún measúnú, i ndlúthchomhar le OIPE, ar an ngá atá le cistiú breise ón Aontas chun tacú le córais TF idir-inoibritheacha, uirlisí digiteacha agus foirne speisialaithe a fhorbairt.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49a – mír 5 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5d. I gcás ina bhfaighidh OIPE sonraí pearsanta de bhun tarchur spontáineach ag údaráis chustaim faoi Airteagal 13a, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:
	(a) ní fhéadfar na sonraí a phróiseáil ach amháin chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an osclófar imscrúdú, nó an ndéanfar imscrúdú, laistigh de shainordú OIPE faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939;
	(b) i gcás ina gcinnfidh OIPE, laistigh de 90 lá tar éis di iad a fháil, nach bhfuil na sonraí ábhartha d'aon imscrúdú laistigh dá sainordú, scriosfaidh sí na sonraí agus tabharfaidh sí fógra don údarás tarchuir ina leith;
	(c) i gcás ina n-osclófar imscrúdú ar bhonn na sonraí tarchurtha, tabharfar fógra don údarás custaim tarchuir agus tabharfar an deis dó a mheasúnú a chur in iúl do OIPE agus do MECS má mheasann sé gur mó an phróiseáil ná an méid is gá;
	(d) beidh feidhm ag na rialacha cosanta sonraí a leagtar síos i gCaibidil VIII de Rialachán (AE) 2017/1939.'

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe do OLAF le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe ar an bhfaisnéis seo a leanas:	1. Tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe do OLAF le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe ar an bhfaisnéis seo a leanas, ***agus í teoranta don mhéid is gá chun a shainordú a fheidhmiú***:

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (e) agus (f), den Rialachán seo;	(b) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (e) agus (f), den Rialachán seo, ***lena n-áirítear aon eilimintí sonraí breise arna stóráil de bhun Airteagal 17(1), pointe (f)***;

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfar an rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 a dhearadh agus a úsáid sa chaoi go mbeidh an rochtain spriocdhírithe a bhaineann go sonrach le himscrúdú atá de dhíth ar OLAF, agus nach féidir cuardaigh neamh-spriocdhírithe a dhéanamh ná

aon rochtain a fháil ach amháin chun imscrúduithe a oscailt nó a dhéanamh i gcomhréir le cúraimí OLAF dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. Ní cheadófar leis an rochtain sin bulcshonraí a asbhaint, faireachán ginearálaithe a dhéanamh orthu ná próifíliú uathoibrithe a dhéanamh orthu nach bhfuil nasctha le himscrúdú riaracháin ar leith.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Beidh an rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí lena n-áirithítear go bhfuil gach rochtain inchurtha i leith imscrúdú sonrach agus i leith úsáideoir údaraithe sainaitheanta. Déanfar an rochtain sin a logáil ar bhealach ina bhféadfar fíorú éifeachtach ex-post a dhéanamh.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Is éard a bheidh sa rochtain láraithe rochtain trí phointe iontrála aonair, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát.	3. Is éard a bheidh sa rochtain láraithe rochtain trí phointe iontrála aonair, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát. ***Áiritheofar leis an gcóras lena mbaineann inrianaitheacht iomlán agus logáil iomlán na gcuardach uile, agus tacófar leis le taifid chuimsitheacha lena gcumasófar sásraí fíoraithe ex post éifeachtacha***.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Foilseoidh OLAF, ar bhonn bliantúil, staidreamh maidir le húsáid na rochtana láraithe arna deonú de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear líon na bhfiosrúchán a rinneadh, líon na n-imscrúduithe inar rannchuidigh an rochtain sin leis an gcás a chur chun cinn, agus líon na gcásanna ina bhfuarthas amach go raibh sonraí a bhfuarthas rochtain orthu neamhábhartha agus gur scriosadh iad. Áireofar an staidreamh sin i dtuarascálacha bliantúla OLAF agus cuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa é. I gcomhréir leis na forálacha ábhartha lena rialaítear na

	himscrúduithe, déanfar na sonraí sin a fholú i gceart chun rúndacht na n-imscrúduithe a áirithiú agus chun a áirithiú go ndéanfar na himscrúduithe go cuí.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 4 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na mionsonraí teicniúla maidir le rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena n-áirítear liosta na gcatagóirí sonraí lenar féidir na cuardaigh spriocdhírithe a dhéanamh;	(a) na mionsonraí teicniúla maidir le rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena n-áirítear liosta na gcatagóirí sonraí lenar féidir na cuardaigh spriocdhírithe a dhéanamh, ***agus lena n-áirítear sásra coisctheach i gcoinne cuardaigh neamh-spriocdhírithe***;

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Is é OLAF a íocfaidh as na costais a bhaineann leis an mbonneagar agus na modhanna teicniúla a bhunú, a oibriú agus a chothabháil lena gceadaítear rochtain shlán ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin.	***scriosta***

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Beidh gach úsáideoir faoi cheangal ag na rialacha rúndachta a leagtar síos sa Rialachán seo. Déanfar na nósanna imeachta um malartú faisnéise agus rochtain ar shonraí a shaothrú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i ndáil le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5b. Déanfar na córais lena gcumasaítear an rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 a dhearadh chun idir-inoibritheacht iomlán a áirithiú leis na córais a úsáideann comhlachtaí ábhartha an Aontais, chun malartuithe faisnéise éifeachtúla agus slána a éascú agus chun ualaí riaracháin a laghdú.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 49b – mír 5 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5c. Déanfaidh an Coimisiún measúnú, i ndlúthchomhar le OLAF, ar an ngá atá le cistiú breise ón Aontas chun tacú le córais TF idir-inoibritheacha, uirlisí digiteacha agus foirne speisialaithe a fhorbairt.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal49b – mír 5 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5d. I gcás ina bhfaighidh OIPE sonraí pearsanta mar thoradh ar tharchur spontáineach ag údaráis chustaim faoi Airteagal 13a, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:
	(a) ní fhéadfar na sonraí a phróiseáil ach amháin chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an osclófar imscrúdú, nó an ndéanfar imscrúdú, laistigh de shainordú OIPE faoi Airteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013;
	(b) i gcás ina gcinnfidh OLAF, laistigh de 60 lá tar éis di iad a fháil, nach bhfuil na sonraí ábhartha d'aon imscrúdú laistigh dá sainordú,

	scriosfaidh sí na sonraí agus tabharfaidh sí fógra don údarás tarchuir ina leith;
	(c) i gcás ina n-osclófar imscrúdú ar bhonn na sonraí tarchurtha, tabharfar fógra don údarás custaim tarchuir agus féadfaidh sé a mheasúnú a chur in iúl do OLAF agus do MECS má mheasann sé gur mó an phróiseáil ná an méid is gá;
	(d) Beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725. cuirfidh OLAF na ceanglais údarúcháin inmheánacha faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 i bhfeidhm maidir le rochtain a dheonaítear de bhun na míre seo.'

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 904/2010
Airteagal 59 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(5a) in Airteagal 59, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Faoin 1 Samhain 2013 agus gach ***cúig*** bliana ***ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do*** Pharlaimint na hEorpa ***agus*** don Chomhairle ***maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo***	***'1.*** Gach ***3*** bliana ***ag tosú ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn tuarascálacha arna soláthar ag OIPE, OLAF agus Eurofisc, tuarascáil a chur faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle ***agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo***. ***Sa tuarascáil, déanfar measúnú ar an méid seo a***

leanas go háirithe:

(a) éifeachtacht oibríochtúil rochtain dhíreach OIPE agus OLAF ar VIES, ar an gcóras SURVEILLANCE agus ar CESOP, lena n-áirítear an meán-am chun rochtain a fháil, líon na n-imscrúduithe a cuireadh chun cinn go hábhartha, agus torthaí ionchúiseamh nó gníomhaíochtaí riaracháin;

(b) comhleanúnachas an chreata rochtana agus tarchurtha le hionstraimí eile arna nglacadh mar chuid den ollstruchtúr frithchalaoise athbhreithnithe, lena n-áirítear bearta a bhaineann le hacmhainneacht Eurofisc, rialachas CESOP, comhchuibhiú ionadaíoch fioscach agus cóineasú pionós;

(c) feidhmiú agus tráthúlacht an tsásra tarchuir spontáinigh faoi Airteagal 13a, lena n-áirítear socruithe comhordúcháin náisiúnta idir údaráis chustaim agus údaráis CBL;

(d) na torthaí forfheidhmiúcháin a baineadh amach sna Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE agus cé acu a bunaíodh nó nár bunaíodh sásraí coibhéiseacha de bhun an athbhreithnithe ar an ollstruchtúr frithchalaoise;

(e) méideanna measta CBL an Aontais agus ioncam gaolmhar custaim arna n-aisghabháil nó arna gcaomhnú mar thoradh díreach ar na malartuithe sonraí agus ar na cearta rochtana a bhunaítear leis an Rialachán seo, agus;

(f) rannchuidiú an Rialacháin seo le cóineasú na dtorthaí forfheidhmiúcháin ar fud na mBallstát, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena indéanta atá sé modheolaíocht a fhorbairt, ar leibhéal an Aontais, chun tomhas a dhéanamh ar ioncam custaim neamhbhailithe atá inchomparáide de réir a cuspóra le táscaire na bearna CBL a fhoilsíonn an Coimisiún go bliantúil.

I gcás ina sainaithnítear sa tuarascáil easnaimh leanúnacha i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún, laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú na tuarascála, togra reachtach ina mbeidh bearta feabhais a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.'